ÓGRAS

DON GHAEILGE • DON ÓIGE

**Oifigeach Forbartha**

**Páirt-aimseartha (25 uair sa tseachtain) – conradh bliana**

**Príomhfheidhm an phost*:***
Beidh an tOifigeach Forbartha freagrach as oibrithe deonacha óige a earcú agus clubanna nua Ógras agus Óg-Ógras a bhunú i gceantracha i gCúige Chonnachta nach bhfuil seirbhís óige Gaeilge ann faoi láthair.

**Aidhmeanna agus Cuspóirí:**
I measc na bpríomhchuspóirí don ról seo tá:

- Oibrithe deonacha nua atá dírithe ar obair óige trí mheán na Gaeilge a earcú
- Clubanna nua a bhunú chun soláthar seirbhísí a leathnú;
- Níos mó daoine óga a spreagadh chun dul i mbun obair dheonach
- Tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do cheannairí
- Gníomhaíochtaí áitiúil, réigiúnacha agus náisiúnta a eagrú idir chlubanna
- Freastal ar chruinnithe agus ar ócáidí thar ceann Ógras

**Sonraíocht Phearsanta**

- Céim ábhartha nó taithí cuí (m.sh. Obair Óige, Oideachas neamh-fhoirmeálta, Obair Phobail, Bainistíú Tionscadal,).
- Ardscileanna cumarsáide idir labhartha agus scríofa i nGaeilge agus i mBéarla - cur i láthair san áireamh (riachtanach);
- Muinín i gcórais TF a úsáid, lena n-áirítear Microsoft Word, Excel, Outlook agus PowerPoint (riachtanach)
- Cumas oibriú faoi bhrú agus cloí le sprioc dhátaí daingean (riachtanach)
- Cumas tosaíochtaí a shocrú agus obair éagsúil a eagrú (riachtanach)
- Oibrí foirne láidir ina bhfuil an duine in ann oibriú go maith le daoine eile (riachtanach)
- Bheith féinspreagtha & ábalta obair as a stuaim féin
- Ceadúnas glan tiomána agus teacht ar charr

**Maidir le hÓgras**

Is eagraíocht náisiúnta óige é Ógras atá tiomanta do chur chun cinn na Gaeilge, i measc daoine óga ar fud na hÉireann. Ó bunaíodh an eagraíocht i 1969, tá deiseanna á gcruthú againn do dhaoine óga chun dul i ngleic leis an nGaeilge ar bhealach

dearfach, cuimsitheach agus fiúntach trí obair óige, rannpháirtíocht phobail agus gníomhaíochtaí cultúrtha.

Ag feidhmiú ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, tacaíonn Ógras le líonra de thart ar 35 club óige ar fud na tíre. Trínár gcláir agus tionscnaimh, spreagaimid daoine óga idir 8 agus 19 mbliana d'aois chun a gcumas a fhorbairt, scileanna ceannaireachta a chothú, agus nasc leis an nGaeilge, lena bhféiniúlacht agus le pobal na Gaeilge a neartú. Cuirimid deiseanna ar fáil d'fhorbairt phearsanta agus shóisialta, tríd tionscnaimh folláine, gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus gníomhaíocht chomhshaoil.

Tá sé mar chroí-aidhm againn a chinntiú go mbíonn deis ag daoine óga an Ghaeilge a úsáid mar theanga bheo agus iad ag cothú cairdis, ag forbairt scileanna nua agus ag cur go dearfach lena bpobail. Trí obair i gcomhpháirt le hoibrithe deonacha, scoileanna agus eagraíochtaí eile, leanann Ógras de bheith ag tacú le glúnta daoine óga a lánacmhainneacht a bhaint amach trí mheán na Gaeilge.

**Eolas eile:**

- Conradh téarma seasta bliana amháin atá i gceist leis an bpost seo, agus d'fhéadfadh síneadh a chur leis an gconradh tar éis na tréimhse sin, faoi réir maoiniú a bheith ar fáil.
- Glacfar le hiarratais as Gaeilge amháin don ról seo.
- Beidh na hagallaimh don phost ar siúl thar Zoom
- Íoctar costais taisteal agus liúntas cothaithe de réir Pholasaí Taisteal & Cothabháil Ógras

**Cur isteach ar an phost:** Seol CV agus litir chumhdaigh, roimh **5.00i.n. ar an Déardaoin 9 Iúil, 2026** chuig cathaoirleach@ogras.ie

**Lonnaithe**: Gaillimh

**Maoinitheoir**: An Roinn Oideachais agus Óige – Volunteer Activation Fund

**Tuarastal:** €26,900 (25 uair sa tseachtain)

**Pinsean:** Íocfar 5% den tuarastal, sa bhreis ar an tuarastal mar sholáthar do phinsean an fhostaí.

**Laethanta Saoire:** 20 lá pro rata.

Is fostóir comhionannas é Ógras agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

Crannchur Náisiúnta